OÉ Gaillimh
NUI Galway

**Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

# Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
# Scéim Teanga
# 2018-2021

**Clár**

| | |
|---|---|
| **Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra** | 3 |
| 1.1 Réamhrá | 3 |
| 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime | 3 |
| 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime | 4 |
| **Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh** | 5 |
| 2.1 Misean agus Fís | 5 |
| 2.2 Príomhfheidhmeanna | 5 |
| 2.3 Custaiméirí agus Cliaint | 5 |
| 2.4 Seirbhís Aistriúcháin na hOllscoile | 5 |
| **Caibidil 3: Na Seirbhísí Tacaíochta atá ar fáil go dátheangach** | 7 |
| 3.1 Seirbhísí do Mhic Léinn OÉ Gaillimh | 8 |
| **Caibidil 4: Ag Feabhsú an tsoláthair de Sheirbhísí i nGaeilge** | 11 |
| 4.1 Cumarsáid leis an bpobal | 12 |
| 4.2 Suíomh Gréasáin na hOllscoile | 12 |
| 4.3 An Oifig Margaíochta agus Cumarsáide | 13 |
| 4.4 Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht | 15 |
| 4.5 Láithreacha seach-champais na hOllscoile | 16 |
| **Caibidil 5: Seirbhísí Acadúla arna soláthar trí mheán na Gaeilge** | 17 |
| **Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge** | 20 |
| 6.1 Ról Uachtarán na hOllscoile | 20 |
| 6.2 Plean Institiúideach Teanga | 20 |
| 6.3 Earcaíocht | 20 |
| 6.4 Oiliúint agus Forbairt | 21 |
| **Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú** | 23 |
| **Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe** | 24 |
| **Aguisín 1: Suíomh Gréasáin na hOllscoile** | 25 |

## Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

### 1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholathróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

### 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú.

Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh á treorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 atá ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo. Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo agus atá á gcur i bhfeidhm go leanúnach.

Maidir leis an gcur chuige sonrach d'fhorbairt na Scéime, foilsíodh fógraí i mí Eanáir 2016 faoi alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Cuireadh fógra ar: www.tuairisc.ie; ar shuíomh *Blackboard* na hOllscoile; seoladh ríomhphost chuig foireann na hOllscoile uile agus crochadh fógra ar na scáileáin ilmheán ar fud an champais. Tá an Scéim bunaithe ar na

haighneachtaí sin agus ar thuairimí a fuarthas ón bhfoireann, ó mhic léinn agus ón bpobal le linn na tréimhse seo.

| | **Foireann** | **Mac Léinn** | **Pobal** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na n-aighneachtaí** | 5 | 4 | 1 | **10** |

Ba mhaith leis an Ollscoil buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a raibh baint acu leis an bpróiseas tábhachtach seo.

**1.3 Dáta Tosaithe na Scéime**

Tá an Scéim daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 29 Eanáir 2018 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

**Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

**2.1 Misean agus Fís**

Pobal bríomhar de mhic léinn agus d'fhoireann a chaomhnú, mar a roinntear foghlaim ar ardchaighdeán, taighde éifeachtach agus smaointeoireacht chruthaitheach leis an domhan. Beidh OÉ Gaillimh ina hollscoil dhomhanda ar thús cadhnaíochta, a mbeidh clú uirthi dá sainréimsí taighde, a aithneofar mar institiúid a bhfuil an-tóir uirthi maidir lena teagasc agus léann, a ndéanfar ceiliúradh uirthi dá rannpháirtíocht shármhaith leis an mórphobal, agus a bheidh saibhrithe ag líonra fuinniúil comhpháirtíochtaí.

**2.2 Príomhaidhmeanna**

Tá cúig cinn de bhunluachanna mar dhlúth is d'inneach de ghníomhaíochtaí agus d'obair OÉ Gaillimh:

- Uaillmhian – tá rún daingean againn barr feabhais a bhaint amach agus ceannaireacht a léiriú, agus é
    - de chuspóir againn ár misean a chur i gcrích.
- Cruthaitheacht – mar thoradh ar ár dtimpeallacht fhíorshainiúil, tá cruthaitheacht faoi leith le sonrú maidir le gach a ndéanaimid.
- Tionchar – beidh dea-thionchar ag ár rannpháirtíocht agus ár ngníomhaíochtaí ar Ghaillimh, ar an gcuid eile den tír, agus ar an domhan mór.
- Comhoibriú – tá comhpháirtíochtaí láidre, comhthairbheacha mar dhlúthchuid dár gcur chuige, agus muid i mbun comhoibriú ar bhonn áitiúil agus ar bhonn idirnáisiúnta.
- Ionracas – agus ár n-oidhreacht shaibhir á forbairt againn, leagaimid béim ar leith ar oscailteacht, ar éagsúlacht agus ar dhea-shaoránacht.

**2.3 Custaiméirí agus Cliaint**

Tá idir chustaiméirí inmheánacha (foireann agus mic léinn na hOllscoile) agus chustaiméirí seachtracha (an pobal níos leithne) ag an Ollscoil. Áirítear orthu seo pobal Gaeltachta agus pobal labhartha na Gaeilge. Tá sé de chuspóir ag an Ollscoil seo freastal ar an nGaeltacht agus ar phobal na Gaeilge agus campas eiseamláireach dátheangach a chruthú, mar atá luaite go sonrach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile[1]. Tá dhá phríomhréimse ina bhfreastalaíonn an Ollscoil ar na pobail seo, mar atá, riarachán agus léann.

**2.4 Seirbhís Aistriúcháin na hOllscoile**

Feidhmíonn Seirbhís Aistriúcháin na hOllscoile faoi scáth Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus freastalaíonn sí ar riachtanais teanga Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Sa tSeirbhís Aistriúcháin, cuirtear seirbhís aistriúcháin agus sainchomhairle teanga ar fáil d'fhoireann na hOllscoile chun a chinntiú go gcomhlíonann an Ollscoil na dualgais reachtúla atá uirthi maidir leis an dátheangachas. Is cuid dhílis í an

[1] http://www.nuigalway.ie/vision2020/

tSeirbhís de na hiarrachtaí atá ar bun ag an Ollscoil campas dátheangach eiseamláireach a dhéanamh de champas OÉ Gaillimh. Tacaíonn an tSeirbhís freisin le ranna de chuid Ollscoil Luimnigh faoin gComhghuaillíocht Straitéiseach idir an dá institiúid.

De thoradh obair na Seirbhíse, bíonn ar chumas na hOllscoile ábhar ilchineálach – fógraí, tuarascálacha, ceistneoirí, foirmeacha srl. – a bhíonn in úsáid go hinmheánach agus go seachtrach a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla do chomhluadar na hOllscoile agus don phobal trí chéile.

**Caibidil 3: Na Seirbhísí Tacaíochta atá ar fáil go dátheangach**

Sainmhíníodh Seirbhísí Tacaíochta na hOllscoile i gcomórtas do Ghradaim an Uachtaráin do Shárchaighdeán sna Seirbhísí Tacaíochta mar: gach catagóir foirne taobh amuigh den fhoireann acadúil agus den fhoireann taighde. I gcéad Scéim Teanga na hOllscoile ainmníodh sainréimsí oibre éagsúla de chuid na hOllscoile mar oifigí/aonaid riaracháin ina mbeadh seirbhísí áirithe ar fáil do phobal na hOllscoile trí mheán na Gaeilge, mar aon leis na seirbhísí trí Ghaeilge atá ar fáil sna hionaid Ghaeltachta. Cuireadh leis seo sa dara scéim agus díríodh go sonrach ar na hoifigí agus ar na seirbhísí tacaíochta is mó a d'fhreastail ar bhonn laethúil agus leanúnach ar mhic léinn na hOllscoile. Tá roinnt athruithe tagtha ar struchtúir eagraíochtúla na hOllscoile ó shin i leith. Is iad seo a leanas na seirbhísí atá ar fáil tráth scríofa na scéime seo (Lúnasa 2017) go dátheangach in oifigí na seirbhísí tacaíochta san ollscoil:

| **Oifigí a sholáthraíonn seirbhísí dátheangacha, Lúnasa 2017** | |
|---|---|
| **Seirbhísí Tacaíochta na hOllscoile** | **Go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla** |
| **Oifig an Uachtaráin** | Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **Oifig an Rúnaí** | Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **Oifig an Sparánaí** | Oifig (Príomh-Oifig) an Sparánaí; An Oifig Phárolla; Oifig an Stiúrthóra um Chuntasaíocht Airgeadais; Oifig na nÍocaíochtaí; Oifig an Stiúrthóra um Chuntasaíocht Bainistíochta – an tseirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **Foirgnimh agus Eastáit** | Seirbhís ón Rannóg Bainistíochta Saoráidí le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **Oifig an Mheabhránaí** | Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **An Oifig Margaíochta agus Cumarsáide** | Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **An Oifig um Acmhainní Daonna** | Seirbhís fáiltithe le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **An Oifig Iontrála** | Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **Deasc Freastail na Leabharlainne agus I.T.** | Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **Deasc Eolais na Mac Léinn** | Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **Oifig na Seirbhísí do Mhic Léinn** | Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. |
| **An tIonad Rochtana** | Tá teagmhálaí le Gaeilge ar fáil chun déileáil leis na fo-ionaid rochtana Gaeltachta. |
| **An Oifig um Idirchaidreamh le Scoileanna** | Tá teagmhálaí le Gaeilge ar fáil chun cur i láthair i nGaeilge amháin nó go dátheangach a dhéanamh i scoileanna lán-Ghaeilge nó Gaeltachta. |
| **An tIonad Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc** | Tá seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil ó bhaill foirne aitheanta maidir le fiosruithe sna Saotharlanna Teanga, 'Blackboard', Stiúideo na nIlmheán agus teicneolaíochtaí gaolmhara. |

| Seirbhísí ar fáil sa Ghaeltacht |
|---|
| Is í an Ghaeilge atá, agus a bheidh, in úsáid mar theanga oibre sna hionaid Ghaeltachta ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaoth Dobhair. |

### 3.1 Seirbhísí do Mhic Léinn OÉ Gaillimh (Seirbhísí Leanúnacha agus Nua)

Díreofar sa scéim seo ar na háiteanna a mbíonn teagmháil rialta ag mic léinn na hOllscoile leo.

**Scéim Chónaitheach Ghaeilge**
Tá an Ollscoil chun Scéim Chónaitheach Ghaeilge a chur ar fáil do mhic léinn roimh dheireadh na scéime seo.

**An Leabharlann**
Aidhm na leabharlainne is ea eolas den scoth a chur ar fáil do mhic léinn agus do thaighdeoirí a fheileann dá staidéar agus dá dtaighde trí oiliúint, turais agus comhairle a chuirtear ar fáil go pearsanta nó ar líne tríd an láithreán gréasáin. Nascadh seirbhísí I.T agus seirbhísí dheasc cúrsaíochta na leabharlainne le linn Scéim 2. Tá seirbhís dhátheangach ar fáil ag Deasc Freastail na Leabharlainne agus I.T. Beidh na bileoga eolais atá ar fáil ag Deasc Freastail ar fáil go dátheangach freisin. Tá rogha ag an úsáideoir Gaeilge nó Béarla a roghnú ar na hinnill féinseirbhíse agus tá foirmeacha na leabharlainne uile ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla nó go dátheangach. Tá foirmeacha na leabharlainne uile[2] ar líne agus leagan dátheangach dóibh ar fáil. Tá leagan Gaeilge agus Béarla de threoirleabhar d'úsáideoirí ar fáil freisin.

**Turais agus Oiliúint**
Beidh deis ag mic léinn agus ag taighdeoirí roimh dheireadh na scéime seo oiliúint agus turais leabharlainne a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

**Ionad don Scríbhneoireacht Acadúil**
Tá seirbhís dhátheangach ar fáil san ionad scríbhneoireachta. Is seirbhís saor in aisce í a thugann tacaíocht do mhic léinn lena gcuid scríbhneoireachta.

**Deasc Eolais na Mac Léinn (SID)**
Is é seo an príomhionad teagmhála do mhic léinn. Déileáiltear le ceisteanna ginearálta clárúcháin ag an deasc eolais seo ina n-áirítear:

- Ainm Cláraithe a athrú
- Seoladh a athrú
- Ráitis Chlárúcháin agus Tinrimh
- Clárú PhD

[2] Foirm chun leabhar a Mholadh,Iarratas ar thráchtas, Iarratas ar leabhar, Iarratas ar Iris,
Iarratas ar Nuachtán, Iarratas ar Iasacht Idirleabharlainne, Iarratas le haghaidh leabhair atá ar Ordú/Idir lámha

- Cártaí Aitheantais a atheisiúint
- Ag éirí as cúrsa

Foirmeacha a stampáil (i.e. foirmeacha leasa shóisialaigh, víosa J1), mar aon le ceisteanna ginearálta a bhaineann le hOifig na Scrúduithe, leis an Oifig Iontrála, Bronnadh Céimeanna, Earraí caillte agus faighte.

Tá seirbhís dhátheangach ar fáil ag an deasc eolais seo agus tá na foirmeacha ar fad le fáil i nGaeilge agus i mBéarla nó go dátheangach ar líne.

**Seirbhísí Comhairleoireachta**
Is foireann de chomhairleoirí, de shíceolaithe agus de shíciteiripeoirí cáilithe atá ag obair sa tSeirbhís Chomhairleoireachta. Tá seirbhís chomhairleoireachta ar fáil trí Ghaeilge san ollscoil ach coinne a dhéanamh leis gcomhairleoir a chuireann an tseirbhís sin ar fáil.

**An tIonad Forbartha Gairme**
Tá go leor athraithe tagtha ar an Aonad Forbartha Gairme le cúpla bliain anuas. Níl aon Phríomhleabhrán Eolais ag an Aonad. Is mionleabhráin a chuireann siad ar fáil anois agus cuirtear go leor faisnéise i Lámhleabhar na Mac Léinn. Beidh príomhleabhráin an ionaid seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, is iad sin: Do CV, Do Ráiteas Pearsanta, Scileanna i gcomhair agallaimh.

**Comhaltas na Mac Léinn in OÉ Gaillimh**
Luaitear in alt 18 de bhunreacht Chomhaltas na Mac Léinn, OÉ Gaillimh:

*18 B. Beidh dhá theanga oifigiúla chomhionanna ag an gComhaltas: Gaeilge agus Béarla.*
*18 C. Cuirfear gach ábhar oifigiúil an Chomhaltais i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.*

Is iad Comhaltas na Mac Léinn a sholáthraíonn go leor d'áiseanna agus de sheirbhísí na hollscoile ina n-áirítear 'Bia Léinn' atá lonnaithe in Áras na Gaeilge ar an gcampas, bialann a bhfuil seirbhís iomlán trí Ghaeilge le fáil inti. Is iad an comhaltas atá i bhfeighil an tsiopa, bheáir an choláiste agus go leor caiféanna eile ar fud an champais. Mar chuid den Tairiscint Ghníomhach, cuirfear mana nó suaitheantas ar t-léinte na bhfoirne atá ag obair sna caiféanna atá in ann seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar.

**Foirmeacha agus Bileoga Eolais (Gealltanais leanúnacha agus nua)**
**Beidh fáil ar na foirmeacha/bileog eolais seo a leanas:**

**An Oifig Fáilte (Oifig Margaíochta agus Cumarsáide)**
Tá treoirleabhar nua anois ar fáil ar dtugtar 'Cosán Cultúrtha an Champais'. Níl 'Treoir do Chuairteoirí' á fhoilsiú níos mó.

Tá leagan dátheangach den bhileog eolais 'Aimsigh do Léacht' ar fáil do mhic léinn na hOllscoile.

**Staidéir Iarchéime — Na foirmeacha Oifigiúla Ábhartha:**
Dearbhú ó Mhac Léinn Taighde páirtaimseartha maidir le fostaíocht san Ollscoil i rith na tréimhse staidéir
Faomhadh le haghaidh scrúdaithe
Iarrthóir ar Chéim Ph.D. a Scrúdú (ar líne)
Tuairisc na Scrúdaitheoirí
Céim Mháistreachta Taighde – Faomhadh na Scrúdaitheoirí,
Tuairisc na Scrúdaitheoirí
Dearbhú ó Mhac Léinn Taighde lánaimseartha maidir le fostaíocht san Ollscoil i rith na tréimhse staidéir
Foirm um Chruinniú idir an Mac Léinn agus an Stiúrthóir/na Stiúrthóirí
Tuairisc an Stiúrthóra/na Stiúrthóirí ar Dhul Chun Cinn (le cur faoi bhráid an Choiste Taighde Iarchéime)
Foirm Thuairiscithe an Choiste ar Dhul Chun Cinn
Sonraí Bronnta Céime d'Iarrthóir ar MD
Sonraí Bronnta d'Iarrthóir ar Dhochtúireacht in Eolaíocht Shíceolaíoch (Síceolaíocht Chliniciúil)
Cead Neamhláithreachta do Mhic Léinn Taighde

**Cuntasaíocht Airgeadais:**
Athrú Sonraí Bainc-Párolla
Iarratas Cealú Seic
Foirm Iarratais ar Mharcáil Scrúduithe agus Rátaí Pá
Iarratas Ragoibre
Iarratas ar P45
Iarratas ar Asbhaint Phárolla
Foirm Íocaíochta Phárolla
Foirm Iarratais ar Mhionairgead
Foirm Scoláireachta

**An Oifig Taighde:**
Foirm Iarratas Togra,
Foirm Thosaigh um Shocrú Conartha,
Teimpléad de bhileog critéar,
Foirmeacha Scoláireachta,
Treoirleabhar maidir le Foirm Scoláireachta.

**Oifig na Scrúdaithe:**
Seicliosta do na Scrúduithe,
Ceisteanna Coitianta maidir le hamchláir.

**An Oifig Pháirceála:**
Iarratas ar Cheadúnas Páirceála,
Leathanach Eolais agus Ceisteanna Coitianta, Ceadúnais Chaillte,
Foirm Um Achomhairc Chlampála

**Seirbhís Chomhairleoireachta:**
Bileoga Eolais na Seirbhíse Comhairleoireachta do Mhic Léinn ar fáil go dátheangach.

**Caibidil 4: Ag Feabhsú an tsoláthair de Sheirbhísí i nGaeilge**

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 iad na forálacha atá le feiceáil sa tábla thíos agus cloífidh an Ollscoil leis na forálacha seo.

| **Modh Cumarsáide leis an bPobal** | | **Gealltanas** |
|---|---|---|
| **Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal** | | Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:<br>(a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;<br>(b) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;<br>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.<br>Tabhair faoi deara gur fógairtí 'taifeadta' seachas fógairtí 'beo' a bhaineann le hábhar anseo.<br>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon. |
| **Cumarsáid i Scríbhinn** | **Litreacha agus Post Leictreonach** | Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. |
| | **Stáiseanóireacht** | Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. |
| **Comharthaí** | **Comharthaí** | Ní mór an chomharthaíocht uile a chuireann OÉ Gaillimh in airde nó a chuirtear in airde thar a ceann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008). |
| **Foilseacháin** | **Foilseacháin** | Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna. |
| | **Ciorcláin / Cora Poist** | I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid |
| **An Ghaeltacht** | **Logainmneacha Gaeltachta** | Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta atá daingnithe. |

## 4.1 Cumarsáid leis an bpobal

Mar a aontaíodh sa chéad scéim teanga, cinnteoidh an Ollscoil go mbeidh an teachtaireacht réamhthaifeadta, a chuireann fáilte roimh ghlaoiteoirí, dátheangach agus an Ghaeilge chun tosaigh ar an mBéarla. Más duine a fhreagraíonn an glaoch ar mhalartán na hOllscoile, beannófar don ghlaoiteoir sin i nGaeilge ar dtús agus i mBéarla ina dhiaidh sin. Leanfar ar aghaidh leis an gcomhrá ansin sa teanga is rogha leis an té a rinne an glaoch. Tá rogha ag an gcustaiméir a ghlaonn ar an Ollscoil ón taobh amuigh rogha uimhir a 4 a roghnú chun seirbhís trí Ghaeilge a fháil. Má tá an fholíne chuí ar eolas ag an gcustaiméir, d'fhéadfaí an glaoch a chur tríd go huathoibríoch nó mura bhfuil, cuirfear an glaoch díreach ar aghaidh chuig oibreoir malartáin a bhfuil Gaeilge aici/aige.

I gcomhréir leis an dea-chleachtas caighdeánach Seirbhísí Ardchaighdeán a sholáthar do Chustaiméirí, leanfar lena chinntiú go dtabharfaidh na hoibreoirí malartáin:

- an beannú do chustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla araon,
- go mbeidís eolach ar choincheap na tairisceana gníomhaí,
- go mbeadh socruithe oiriúnacha ann le go mbeadh siad in ann custaiméirí a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a bhítear a lorg trí Ghaeilge.

## 4.2 Suíomh Gréasáin na hOllscoile

Tá roinnt athruithe tagtha ar struchtúir eagraíochtúla, ar sheirbhísí agus ar oifigí/ranna na hOllscoile ó thús an Dara Scéim Teanga. Cuireadh suíomh gréasáin na hOllscoile ar ardán teicniúil nua le linn an Dara Scéim Teanga.

Leanfar le gealltanais an Dara Scéim Teanga[3] i ndáil le suíomh gréasáin na hOllscoile agus cuirfear leis an ábhar seo go leanúnach[4] le go mbeadh fáil ar na gnéithe is tábhachtaí a bhíonn de dhíth ar mhic léinn agus ar fhoireann na hOllscoile, mar aon leis an bpobal mór, ar mian leo déileáil leis an Ollscoil trí Ghaeilge.

Sa bhreis air sin, cruthófar leathanach tairsí nua don Ghaeilge le linn na scéime seo.

[3] Beidh fáil ar an ábhar seo ar www.nuigalway.ie agus www.oegaillimh.ie

[4] Féach aguisín 1.

### 4.3 Oifig Margaíochta agus Cumarsáide

Cruthaíonn an Oifig Margaíochta agus Cumarsáide nasc idir na meáin agus an saineolais atá le fáil in OÉ Gaillimh. Tá trí phríomhrannóg san Oifig. Bíonn an Phreasoifig i dteagmháil leis na meáin chumarsáide ar bhonn laethúil agus déanann siad preasráitis agus grianghraif a eisiúint maidir le scéalta nuachta agus imeachtaí na hOllscoile. Tá an fhoireann margaíochta dírithe ar cháil na hOllscoile a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá sé mar dhualgas ar an Oifigeach Cumarsáide Inmheánaí pobal OÉ Gaillimh – idir mhic léinn agus chomhaltaí foirne – a choinneáil ar an eolas maidir le saothar agus saol na hOllscoile.

**Preasráitis**

Leanfar leis an gcóras a bunaíodh sa chéad scéim go bhfoilseofar preasráitis chorparáideacha i nGaeilge agus i mBéarla (preasráitis chorparáideacha[5], preasráitis nach mbíonn de dhíth go pras, etc.) Mar chuid den dara scéim, aontaíodh go bhfoilseofaí 33% de na preasráitis chorparáideacha a dhíríonn go sonrach ar chliaint inmheánacha agus sheachtracha de chuid na hOllscoile go comhuaineach. I gcás preasráiteas a eisítear do na meáin chumarsáide Ghaeilge amháin, is i nGaeilge amháin a eisítear iad sin.

**Teagmháil leis na Meáin Chumarsáide**

Cuireadh painéal le chéile sa chéad scéim teanga de chainteoirí Gaeilge a bheadh ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge. Déanfar nuashonrú ar an eolaire d'urlabhraithe Gaeilge mar is cuí. Beidh an t-eolaire seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Oifig Margaíochta agus Cumarsáide roimh dheireadh na scéime seo.

**Feachtais Mhargaíochta na hOllscoile**

Is iomaí feachtas margaíochta a bhíonn ag an Ollscoil. Díreofar sa scéim teanga seo ar na mórfheachtais mhargaíochta a reáchtálann an Ollscoil go bliantúil atá dírithe ar mhic léinn reatha, ar mhic léinn ionchasacha agus ar phobal na hOllscoile trí chéile.

---

[5] Is éard is 'gnóthaí corparáideacha' ná gnóthaí a bhaineann leis an Ollscoil go ginearálta, seachas le rannóg nó gníomhaíocht ar leith laistigh de agus nach mbeadh mórán tóir ag an bpobal Ollscoile trí chéile uirthi. Sampla de na scéalta a thiocfadh faoin sainmhíniú sin ná mórthionscnamh caipitil, tionscnamh suntasach polasaí acadúil, mórfhorbairt ar mhaithe le mic léinn, cuairt ón Uachtarán nó ón Taoiseach, Bronnadh Céime Oinigh, agus a leithéid. Ina dhiaidh sin féin, beidh breithiúnas le déanamh ar ndóigh i gcónaí faoin tábhacht a bhaineann le heachtra nó scéal ar leith i gcomhthéacs na hOllscoile go ginearálta.

**Feachtais Sheachtracha**

**Laethanta Oscailte na hOllscoile**

- Laethanta Oscailte d'Fhochéimithe
- Laethanta Oscailte d'Iarchéimithe

Is cuid an-tábhachtach do straitéis earcaíochta OÉ Gaillimh iad na Laethanta Oscailte. Tuigtear an tábhacht ollmhór a bhaineann leis na Laethanta Oscailte agus an ról lárnach atá ag an nGaeilge sna hócáidí seo. Seolfar comhfhreagras dátheangach i bhfoirm litreach chuig na scoileanna dara leibhéal uile ag tabhairt cuiridh agus faisnéise dóibh faoi na Laethanta Oscailte. Is i nGaeilge amháin nó go dátheangach a chuirtear comhfhreagras chuig Gaelcholáistí agus scoileanna Gaeltachta dara leibhéal na tíre.

Beidh seastán faoi leith ag na Laethanta Oscailte a dhéanfaidh cur síos ar na seirbhísí Gaeilge uile atá ar fáil san ollscoil. Beidh suaitheantas saindeartha 'G' ar dhaoine atá páirteach sna laethanta oscailte seo a bheidh in ann seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar.

Reáchtáiltear Turais ar fud an champais i rith na laethanta oscailte d'fhochéimithe. Beidh deis ag mic léinn ionchasacha, tuismitheoirí, múinteoirí agus múinteoirí gairmthreorach turas ar fud an champais a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

**Feachtais a bhaineann leis An Lár-Oifig Iontrála (CAO)**

Reáchtáiltear dhá mhórfheachtas Ollscoile a bhaineann leis an CAO gach bliain.

- **CAO**
- **Athrú Intinne an CAO**

Is feachtais thábhachtacha iad seo i bhféilire na hOllscoile agus tá ról faoi leith ag an nGaeilge sna feachtais seo freisin. Is iad daltaí na hardteistiméireachta spriocghrúpa na bhfeachtas thuasluaite agus cuirtear litreacha chuig na meánscoileanna i nGaeilge amháin nó go dátheangach. Tá 10% de mhic léinn na hOllscoile ag déanamh staidéir ar an nGaeilge nó trí mheán na Gaeilge.[6]

**Seachtain Ionduchtaithe mhic léinn na chéad bhliana**

Déanfar poiblíocht ar an Tairiscint Ghníomhach agus ar an tsiombail 'G' i leabhrán na gColáistí agus na Scoileanna. Cuirfear an 'G' le taobh na n-oifigí agus na n-ionad a bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil iontu. Déanfar fógraíochta ar an 'G' freisin i nDialann Chomhaltas na Mac Léinn. Beidh suaitheantas

[6] Réamheolaire Fochéime 2016

saindeartha 'G' ar dhaoine a bhfuil Gaeilge acu a bheidh páirteach in imeachtaí Fáilte*Fest* na hOllscoile agus le linn na seachtaine ionduchtaithe do lucht na chéad bhliana.

**Feachtais Inmheánacha**

- **Suirbhé Náisiúnta na Mac Léinn**

Reáchtáiltear an suirbhé seo go bliantúil. Scaiptear é ar mhic léinn atá sa Chéad Bhliain, sa Bhliain Deiridh agus ar mhic léinn atá ar Chúrsaí Múinte Iarchéime. Bíonn rogha ag an mac léinn an suirbhé a chomhlánú trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

- **Ríomhiris FYI (First Year In)**

Is iris leictreonach í seo a scaiptear ar mhic léinn na chéad bhliana ag tréimhsí tábhachtacha sa bhliain acadúil. Scaipfear cóip dhátheangach de na naoi n-eagrán éagsúla ar na mic léinn i rith na bliana.

**Seirbhísí Idirghníomhacha**

Mar a aontaíodh sa dara scéim teanga, cuirtear na seirbhísí idirghníomhacha ar an idirlíon i.e. na seirbhísí lena gcuirtear ar chumas an phobail iarratas a dhéanamh, sochair a fháil nó íocaíochtaí a dhéanamh. Is iad seo a leanas na seirbhísí idirghníomhacha atá ag OÉ Gaillimh:

**Córas PAC**: Féadfar iarratas a dhéanamh ar chúrsaí Iarchéime ar líne i nGaeilge nó i mBéarla.
**Córas Íocaíochta Páirceála**: Féadfar an leagan Gaeilge nó an leagan Béarla den chóras a úsáid.

**4.4 Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht**

Tá trí cinn d'Ionaid Ollscoile ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá comhionann le 39 ball foirne lánaimseartha ag obair sna hIonaid atá lonnaithe i nGaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall, i gCarna agus ar an gCeathrú Rua i gContae na Gaillimhe. Déantar cláir léinn éagsúla idir leibhéil 7-8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a reáchtáil sna hIonaid Ghaeltachta. Bíonn meascán soláthair idir thumchúrsaí sealbhaithe teanga, dhianchúrsaí sealbhaithe teanga agus sainchláir, leithéidí na dTréimhsí Foghlama Gaeltachta d'Ábhar Oidí, á gcur ar fáil le linn na bliana acadúla agus i gcaitheamh an tsamhraidh sna hIonaid go léir. Freastalaíonn líon mór mac léinn ar chúrsaí an Ionaid a bhfuil mar sprioc acu an Ghaeilge a shealbhú.

Ina cheann sin cuirtear sainchláir don oideachas pobail (Cúrsa Rochtana Ollscoile) mar aon le cláir chomhchineáil ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais oideachais na bpobal a mbíonn na hIonaid ag feidhmiú iontu. Tugtar faoi deara go bhfuil na hIonaid lonnaithe i Limistéir Phleanála Teanga éagsúla, ceantair a bhfuil feidhm shuntasach leo mar fhearainn bhuanaithe teanga faoi réir Acht na Gaeltachta 2012. Oibreoidh na hIonaid Ollscoile sa Ghaeltacht i gcomhar le pobail áitiúla le go dtabharfaí feidhm do Phleananna Teanga atá faofa ar an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta mar chuid de phróiseas na pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Cuirfear na seirbhísí seo a leanas ar fáil sna hIonaid trí Ghaeilge:

- Seirbhísí Teagaisc agus Taighde
- Seirbhísí a bhaineann le Riarachán Acadúil Chlár Léinn an Acadaimh
- Seirbhísí Eolais don Phobal, do Mhic Léinn agus do Phobal na hOllscoile
- Seirbhís Lóistín do Mhic Léinn

**4.5 Láithreacha seach-champais na hOllscoile**

D'fhonn a chinntiú go mbainfidh an Ollscoil cuspóirí náisiúnta amach, tá aghaidh á tabhairt aici ar straitéis an Údaráis um Ard-Oideachais, straitéis *Landscape*. Tá an Ollscoil ag tabhairt Coláiste san Aingeal i Sligeach agus Coláiste Bainistíochta Óstáin Shionainne go hiomlán faoi choimirce na hOllscoile. Tá 4 Acadamh Leighis ag an Ollscoil (Béal Átha na Sluaighe, Caisleán an Bharraigh, Sligeach agus Leitir Ceanainn) agus tá ceangal aici le Coláiste Ealaíne Bhoirne freisin. Déanfar iniúchadh ar na láithreacha seo le linn thréimhse fheidhmithe na scéime agus déanfar na socruithe cuí dá réir le go mbeifí ag cloí leis an Acht agus le gealltanais na scéime.

**Caibidil 5: Seirbhísí Acadúla arna soláthar trí mheán na Gaeilge**

Gné ar leith de ról OÉ Gaillimh mar Ollscoil is ea a gealltanas straitéiseach maidir le hoideachas Ollscoile trí mheán na Gaeilge a sholáthar. Rinneadh tagairt don ghealltanas seo an chéad lá riamh in Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimh 1929. Ar mholadh ón Ollscoil, thug an Stát aitheantas in athuair dó in Acht an Choláiste Ollscoile Gaillimh (Leasú) 2006 mar ghné riachtanach leanúnach de phleanáil forbartha straitéisí na hOllscoile. Tá Pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge luaite go sonrach i bPlean Straitéiseach reatha na hOllscoile agus tá ról tábhachtach príomhúil ag an Ollscoil seo go náisiúnta maidir le hoideachas ollscoile a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Is é Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge an phríomhfheithicil atá ag an Ollscoil chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. Tugann sé ceannaireacht shoiléir acadúil do phobal na Gaeilge, agus tá sé freagrach as cláir, taighde agus seirbhísí eile trí mheán na Gaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil. Leanfaidh OÉ Gaillimh ar aghaidh ag cur sárchaighdeán chun cinn i sealbhú teanga i measc chláir theanga Ghaeilge na hOllscoile. Lena chois sin, oibreoimid le cinntiú go n-aithnítear inniúlacht teanga ár gcéimithe mar scil a chuireann lena n-infhostaitheacht.

Tá ionaid Ghaeltachta na hollscoile ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaoth Dobhair lárnach maidir le foirmiú teangeolaíoch archaighdeáin a thairiscint do mhic léinn chomh maith le taithí foghlama Leanfaimid orainn ag cur cláir chreidiúnaithe thumoideachais ar fáil in ionaid Ghaeltachta na hOllscoile seo do mhic léinn as OÉ Gaillimh agus as institiúidí ardoideachais eile in Éirinn agus thar lear. Cuireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Roinn na Gaeilge le stádas agus le húsáid na Gaeilge de shíor trí fhreastal ar phobal teanga beoga na hOllscoile, idir mhic léinn agus chomhaltaí foirne, ar bhealaí réalaíocha agus ábhartha. Dearbhaímid chomh maith an ról atá againn maidir le tacú le pobal na Gaeilge go réigiúnach agus an ról atá againn i dtacú le Gaillimh mar chathair dhátheangach.

Ina theannta sin, tacaíonn Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge le Coláiste an Ghnó maidir le seachadadh an BComm le Gaeilge agus le modúil theangabhunaithe a sheachadadh i gColáiste an Leighis, na hAltrachta agus Eolaíochtaí Sláinte ag Leibhéal 8. Tá teacht ar mhodúil Ghaeilge ag Leibhéal 8 ag mic léinn i gColáiste na hEolaíochta (BSc) ó Mheán Fómhair 2016. Is iad na cláir a bhaineann le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a chuirtear ar fáil tríd an Lár-Oifig Iontrála, ná: an BA sa Chumarsáid agus an BA sa Ghaeilge agus Léann an Aistriúcháin. Tá teacht ag mic léinn Choláiste na nDán ar Léann an Aistriúcháin mar ábhar freisin. Tá athbhreithniú céime déanta ar GY106 (BA sa Chumarsáid) agus tá céim leasaithe (Cumarsáid agus Gaeilge) á sheachadadh ó champas na hOllscoile i nGaillimh ó Mheán Fómhair 2016. Tá deis ag mic léinn a bheith ag gabháil de Léann an Aistriúcháin agus Fraincis trí Ghaeilge mar chomhchéim i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh mar thoradh ar an Tríú Gairm de Thionscnamh na nArdscileanna Gaeilge. Cuirtear clár páirtaimseartha céime ar fáil ag Leibhéal 8 chomh maith, an BA sa Ghaeilge Fheidhmeach, i gcomhar le Roinn na Gaeilge. Clár ceithre bliana é seo a ndéantar seachadadh air tríd an bhfoghlaim chumaisc. Beidh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag cuidiú le seachadadh a dhéanamh ar chéim nua ceithre bliana sa Ghaeilge in OÉ Gaillimh a mbeidh mar phríomhsprioc aici cur le cumas teanga chéimithe na hOllscoile.

**Cúrsaí Iarchéime**

**MA Léann Teanga**

Is é aidhm an chúrsa seo oiliúint iarchéime i ngnéithe den léann feidhmeach teanga a chur ar mhic léinn a chuirfidh ar a gcumas feidhmiú go gairmiúil trí Ghaeilge, in earnálacha éagsúla. Tabharfaidh an cur chuige seo deis do na mic léinn speisialtóireacht sa Léann Teanga a bhaint amach san Aistriúchán nó sa Phleanáil Teanga sa bhreis ar chroímhodúil i réimsí na n-eolaíochtaí teanga, taighde agus na Gaeilge. Tríd an bhfoghlaim chumaisc, in imeacht dhá bhliain, a chuirtear an MA/Dioplóma Iarchéime (Léann Teanga) ar fáil.

**MA/Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála)**

Is é aidhm an chláir seo mic léinn a oiliúint i sainscileanna ghairm na hateangaireachta comhdhála agus an t-eolas sainiúil a bhaineann leis an ngairm sin, ionas go mbeidh ar a gcumas na deiseanna fostaíochta ateangaireachta a thapú.  Tá an clár seo bunaithe ar an gCéim Mháistreachta Eorpach in Ateangaireacht Chomhdhála, clár a forbraíodh i gcomhar le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh agus atá á chur ar fáil in 18 dtír san Eoraip. Is é seo an t-aon chlár dá leithéid atá ar fáil in Éirinn.

**MA / Dioplóma Iarchéime (Cumarsáid)**

Is é aidhm an chúrsa seo oiliúint a chur ar fáil do mhic léinn i ngnéithe éagsúla de ghairm agus d'ealaín na Cumarsáide. Tabharfaidh an clár forléargas ar na príomhréimsí acadúla a bhaineann leis na meáin chumarsáide agus deiseanna praiticbhunaithe san iriseoireacht, sa scannánaíocht agus i réimsí eile na meán. Déanfar anailís chriticiúil ar na múnlaí agus ar na coinbhinsiúin a bhaineann le dearadh ábhair na meán agus pléifear treochtaí comhaimseartha na meán cumarsáide ina gcomhthéacs staire, sóisialta, cultúrtha agus teanga.

